Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10070/22**

**ESPACE 68**
**MARE 47**
**RECH 367**
**COMPET 487**
**MI 466**
**IND 225**
**ENV 598**
**EU-GNSS 25**
**TRANS 371**
**TELECOM 265**
**ENER 294**
**EMPL 253**
**CSDP/PSDC 350**
**CFSP/PESC 755**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9389/22 |
| Ábhar: | Copernicus faoi 2035<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 10/06/2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Copernicus faoi 2035’, a ghlac an Chomhairle ag an 3877ú cruinniú a bhí aici an 10 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Copernicus faoi 2035**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI

A. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe' an 29 Samhain 2019[1], ina n-aithnítear cumais shuntasacha na hEorpa i réimse fhaire na cruinne agus a thábhachtaí atá siad chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an athraithe aeráide sa timpeallacht Artach, agus iad a chomhrac; ach lena dtugtar dá haire roinnt bearnaí atá fós ann sna cumais agus sna seirbhísí faireacháin;

B. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás don Eoraip Inbhuanaithe' an 4 Meitheamh 2020[2], ina gcuirtear i dtreis go bhféadfadh domhaneolaíocht agus sonraí, seirbhísí agus teicneolaíochtaí spáis na hEorpa rannchuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit úsáid sonraí agus seirbhísí a éascú agus a chur chun cinn;

C. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'An spás do dhaoine i limistéir Eorpacha cois cósta' an 28 Bealtaine 2021[3], ina gcuirtear i bhfios go láidir go gcuireann seirbhísí agus feidhmeanna Copernicus go mór leis an aistriú glas agus go rannchuidíonn siad le huirlisí cinnteoireachta agus pleanála a bheidh chun sochair do shaoránaigh na hEorpa;

D. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás Nua do Dhaoine' an 28 Bealtaine 2021[4], ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, trí phlean gníomhaíochta, úsáid seirbhísí spáis a chothú, trí spreagadh a thabhairt réitigh spáis a ghlacadh i raon leathan de bheartais an Aontais agus iomaíochas thionscal spáis iartheachtach an Aontais a mhéadú;

[1] 14603/19.
[2] 8512/20.
[3] 9164/21.
[4] 9163/21.

E. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Eoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide' an 10 Meitheamh 2021[5], lena gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé Copernicus a fhorbairt a thuilleadh chun tionchair an athraithe aeráide a mheas;

**I. Réamhrá: staid na himeartha agus treochtaí**

1. MEABHRAÍTEAR DI gur córas oibríochtúil sibhialta, faoi stiúir an úsáideora, é Copernicus, ar córas é a tógadh chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin shochaíocha agus atá bunaithe ar shaineolas eolaíoch láidir, lena ngintear sonraí agus faisnéis atá saor agus ar a bhfuil rochtain oscailte; CUIREANN SÍ I dTREIS gur ceannaire domhanda é an tAontas, a bhuí le Copernicus, a bhfuil sé ar a chumas faire agus faireachán a dhéanamh ar an domhan agus athruithe a thuar, go háirithe trí shamhaltú a úsáid, agus freastal ar úsáideoirí eolaíocha, institiúideacha agus tráchtála agus go bhfuil an iliomad torthaí inláimhsithe á soláthar ag Copernicus cheana féin don Eoraip, mar shampla i seirbhísí aeráide, i bhfaireachán comhshaoil ar an talamh, ar na haigéin agus ar an atmaisféar, chun tubaistí agus an tslándáil shibhialta a bhainistiú;

2. chun an Eoraip a choinneáil ar thús cadhnaíochta, CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart ní hamháin leanúnachas sheirbhísí Copernicus a áirithiú agus a fheabhsú go seasta, mar aon leis na cumais faire a dhéanamh agus sonraí *in situ* agus spáis a ráthú, ach ba cheart freisin feabhas a chur orthu agus cineálacha nua cumas faire agus seirbhísí nua a thabhairt isteach atá bunaithe ar riachtanais nuashonraithe úsáideoirí eolaíocha agus institiúideacha agus a bhaineann tairbhe as an eolas teicneolaíoch agus eolaíoch is déanaí;

3. MEABHRAÍTEAR DI, i gcás na físe do Copernicus faoi 2035, nach mór na príomhthreochtaí i dtéarmaí a chroí-úsáideoirí a chur san áireamh agus gur cheart é a bheith bainteach go dlúth le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus a Bhallstát, le dúshláin chomhshaoil agus dul chun cinn teicneolaíoch agus, san am céanna, gach iarracht a dhéanamh cur lena chumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha faoi thrí cholún: an Comhaontú Glas don Eoraip, go háirithe an dúshlán maidir leis an aeráid, an t-aistriú digiteach, agus an tslándáil shibhialta, ar nithe iad a chuireann le hathléimneacht na hEorpa;

[5] 9694/21.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mbeidh rath ar Copernicus ach má chuirtear muinín i saineolas an Choimisiúin, na mBallstát agus na gcroí-chomhpháirtithe, i.e. na heagraíochtaí go léir a chuireann an fios gnó ardleibhéil atá acu ar fáil do Copernicus: an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, an Eagraíocht Eorpach chun sochar a bhaint as satailítí meitéareolaíocha, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin, Mercator Ocean International, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, agus Frontex, chomh maith le heagraíochtaí tionscail agus taighde Eorpacha; ADMHAÍONN SÍ go raibh ról lárnach ag rialachas Copernicus ó thaobh rath an chláir, agus go leanfaidh sé de ról lárnach a bheith aige; MEABHRAÍTEAR DI gurb é Fóram Úsáideoirí Copernicus an comhlacht saineolaithe maidir leis na riachtanais atá ag úsáideoirí agus maidir lena ghlacadh ag úsáideoirí; agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an ról a imríonn an Fóram Úsáideoirí feadh an tslabhra luacha iomláin;

5. IARRANN SÍ GO nDÉANFAÍ seirbhísí agus sonraí Copernicus a fhorbairt idir seo agus 2035 chun spriocanna aeráide agus comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, i.e. an t-aistriú chuig forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, go háirithe trí fhaireachán a mhéadú ar astaíochtaí $CO_2$;

6. le Copernicus, MEABHRAÍTEAR DI, go gcuirtear uirlisí agus táscairí ar fáil atá ábhartha ó thaobh na heolaíochta de chun measúnú a dhéanamh ar staid reatha na haeráide, idir chúiseanna agus treochtaí, ach, ina theannta sin, chun réamh-mheastacháin fhadtéarmacha a dhéanamh ar chásanna aeráide agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht luachmhar a thabhairt do lucht ceaptha beartas agus cinnteoirí mar aon le gníomhaithe eacnamaíocha agus saoránaigh; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag Copernicus chun a áirithiú go mbeidh sonraí criticiúla ar fáil, chun faireachán agus tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le baint amach cuid de na spriocanna a leagtar síos i gComhaontú Pháras, lena n-áirítear tacú le meastachán a dhéanamh ar an stocáireamh domhanda, agus maidir le cinntí a dhéanfar ag Comhdhálacha na bPáirtithe amach anseo;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról ríthábhachtach nach mór do Copernicus a imirt chun tacú le cinntí agus gníomhaíochtaí pobail, go háirithe i réimsí na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras, i réimse na sláinte mar chuid den chur chuige 'aon sláinte amháin', chun tacú le fuinneamh glan, an truailliú a chomhrac, an geilleagar agus an tsochaí a dhícharbónú, inbhuanaitheacht uirbeach, iompar agus soghluaisteacht chliste, acmhainní bia agus uisce, an rióisféar, bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan, limistéir chósta, faireachas muirí, an fhoraoiseacht, talmhaíocht inbhuanaithe, acmhainní nádúrtha, oidhreacht chultúrtha, gaineamhlú, bainistiú riosca agus tubaistí amhail guaiseacha uisce nó geolaíocha;

8. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé na treochtaí nua seo a leanas a chur san áireamh chun a mbuntáistí maidir leis an gclár Copernicus a uasmhéadú:

   i. Maidir le teicneolaíochtaí:

      – Tuilleadh faire na cruinne a dhéanamh trí thomhais agus ionstraimí nua;

      – Tuilleadh faire na cruinne a dhéanamh trí ailtireachtaí nua agus samhlacha nua gnó, go háirithe buíon satailítí poiblí nó tráchtála agus deiseanna ó thaobh Spás Nua de;

   ii. Maidir leis an eolaíocht:

      – Tionchar éabhlóid na heolaíochta ríomhaireachta ar shamhlacha uimhriúla an chórais dhomhanda ina chomhpháirteanna uile, lena n-áirítear an cur chuige i leith córais agus braislí samhaltaithe cúpláilte;

   iii. Maidir le cúrsaí digiteacha:

      – An claochlú digiteach, lena n-áirítear ríomhaireacht ardfheidhmíochta, anailísíocht ar mhórshonraí, intleacht shaorga, cumasc agus léirshamhlú sonraí, caomhnú fadtéarmach sonraí, suas go coincheap an leathchúpla dhigitigh;

9. MEABHRAÍTEAR DI go gcreideann Ballstáit go bhforbrófar cumas bainistithe éigeandála agus cumas seirbhísí slándála an Aontais chun tacú le hEoraip a bheidh níos athléimní; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá punann na seirbhíse slándála a neartú le forbairtí amhail cumais luathrabhaidh agus measúnaithe riosca chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar an easáitiú daonra a d'fhéadfadh a bheith ann i ngeall ar thionchair an athraithe aeráide;

10. MEABHRAÍTEAR DI an gá seanbhunaithe le hathléimneacht agus cruinneas breise maidir le sonraí a fháil agus a dháileadh, lena n-áirítear trí sholúbthacht agus tráthúlacht níos fearr i gclársceidealú satailítí thar an limistéar a iarradh;

11. MEABHRAÍTEAR DI gur tosaíocht é glacadh le húsáideoirí Copernicus agus nach mór na seirbhísí, na sonraí agus an fhaisnéis a bheith soláimhsithe don úsáideoir, ábhartha do riachtanais shochaíocha, eacnamaíocha agus chomhshaoil agus úsáideach d'údaráis phoiblí ar dtús agus freisin do ghníomhaithe eolaíocha, eacnamaíocha agus do shaoránaigh;

12. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór rochtain éasca agus sholúbtha ar shonraí, lena n-áirítear na sonraí uile is gá le haghaidh Seirbhísí Copernicus, a éascú agus gur féidir le Copernicus rannchuidiú le luachshlabhra Eorpach a fhorbairt, lena n-áirítear an earnáil iartheachtach a chothú, trí ardáin Eorpacha um rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, a mhéid is féidir agus i gcás inarb iomchuí;

## II. Moltaí

13. DEARBHAÍONN SÍ gur clár sibhialta, oibríochtúil, dírithe ar an úsáideoir faoi stiúir an Aontais é Copernicus a thacaíonn leis an gComhaontú Glas, leis an aistriú digiteach agus leis an tslándáil shibhialta, agus cuireann gach ceann acu le hEoraip níos athléimní; MOLANN SÍ go gcoinneofaí an tosaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, agus go dtacófaí beartais mhaolaithe agus oiriúnaithe; agus MOLANN SÍ go gcoinneofaí an beartas sonraí atá saor, iomlán agus oscailte i ndáil le Copernicus;

14. IARRANN SÍ go mbeadh leanúnachas fadtéarmach feabhsaithe ann maidir le faire agus seirbhísí spáis agus in situ atá ann faoi láthair;

15. TATHANTAÍONN SÍ go gcuirfí chun feidhme tosaíochtaí do Copernicus nár cuireadh chun feidhme go fóill, lena n-áirítear an Chéad Ghlúin eile Fairtheoirí agus na sé mhisean leathnaithe Copernicus agus an tacaíocht thiomnaithe do réimsí beartais amhail an tArtach, limistéir chósta, oidhreacht chultúrtha, comhlíonadh comhshaoil, agus slándáil na ranna spáis agus talún mar aon le sláine na sonraí á gcur san áireamh; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá aghaidh a thabhairt ar sheirbhísí nua amhail slándáil talmhaíochta, bia agus uisce; agus MOLANN SÍ éabhlóid fhadtéarmach theaghlach Sentinel a ullmhú, bunaithe ar riachtanais úsáideoirí nuashonraithe;

16. MOLANN SÍ gur cheart na freagairtí do phríomhcheanglais úsáideoirí a bheith dírithe go soiléir ar fhaisnéis inúsáidte agus neamhcheartaithe a sholáthar, agus gur cheart don Choimisiún iad a shainiú in idirphlé trédhearcach agus struchtúrtha i gcomhar le Fóram Úsáideoirí Copernicus;

17. IARRANN SÍ go leithdháilfí cistí leordhóthanacha ar thaighde agus ar fhorbairt agus ar oibríochtaí Seirbhísí Copernicus chun a áirithiú go n-ullmhófaí seirbhísí nua agus tionscadail nua a bhainfidh leas as sonraí a bheidh ann amach anseo, agus go ndéanfaí iad a chomhtháthú níos fearr, lena n-áirítear le foinsí eile, chun cumas úrscothach agus iomaíochas idirnáisiúnta Copernicus a choinneáil; Agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór aird bhreise a thabhairt ar inbhuanaitheacht an bhonneagair um fhaire na Cruinne feadh an luachshlabhra agus ar fhaireachán a dhéanamh ar a lorg comhshaoil;

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart an comhéadan leis an gclár don Eoraip Dhigiteach a leanúint go cúramach, lena n-áirítear tionscnamh Destination Earth;

19. MOLANN SÍ go ndéanfaí an deighleog spáis hibrideach Copernicus a neartú de bharr riachtanais lárnacha na n-úsáideoirí agus comhairle agus moltaí Fhóram Úsáideoirí Copernicus á gcur san áireamh; MOLANN SÍ na cumais agus na seirbhísí a ba cheart a neartú san 'ailtireacht Fairtheora' a shainiú chun uathriail agus athléimneacht a ráthú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfaí na misin Fairtheora, mar chnámh droma bhonneagar Copernicus, a chomhlánú le hacmhainní poiblí Eorpacha breise agus/nó acmhainneachtaí tráchtála, agus aird ar leith á tabhairt ar réitigh Spáis Nua;

20. MOLANN SÍ, mar bhealach chun cinn, measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh deighleog spáis Copernicus leas a bhaint as cumais, nuálaíochtaí agus gnóthachain éifeachtúlachta bhreise i bhfaire na Cruinne, lena n-áirítear tsacáil sholúbtha dhinimiciúil, athchuairteanna níos minice, chomh maith le híomhánna níos airde taifigh, chun tacú le Seirbhísí Copernicus gar d'fhíor-am, chun freastal ar éilimh shíorathraitheacha, agus na rioscaí do leasanna slándála an Aontais á gcur san áireamh ag an am céanna;

21. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le calabrú agus bailíochtú sonraí satailíte agus táirgí faisnéise a áirithiú, ag baint úsáid as sonraí ardcháilíochta, le cáilíocht dhoiciméadaithe, rochtain ar shonraí atá réidh le hanailísiú, sonraí ó gach foinse agus de thaifigh éagsúla a chomhcheangal, chomh maith le sonraí ardcháilíochta a bheith ar fáil go tapa chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu;

22. TACAÍONN SÍ leis an uaillmhian sonraí agus táirgí poiblí d'ardchaighdeán a thairiscint chun gníomhaíochtaí tráchtála iartheachtacha a chothú; Agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú gur féidir le Copernicus ról tábhachtach a bheith aige do thionscal an Aontais trí chonarthaí a thairiscint chun sonraí d'íoschaighdeán a fháil ar bhonn riachtanais úsáideoirí, cáilíocht sonraí agus ábharthacht eolaíoch;

23. MOLANN SÍ go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí maidir le beartais a chur chun feidhme chun úsáid sonraí Copernicus a chothú i seirbhísí poiblí, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, in earnálacha nach earnálacha spáis iad, agus bacainní ar bheartais agus ar rialacháin lena gcuirtear bac ar a n-úsáid a bhaint i gcás inar gá;

24. MEASANN SÍ go bhfuil comhar idirnáisiúnta maidir le faire na Cruinne bunriachtanach chun cuspóirí beartais comhchoiteanna idirnáisiúnta a bhaint amach go héifeachtach; agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cómhalartacht i gcomhaontuithe agus i socruithe riaracháin arna gcaibidil le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir uathriail an Aontais agus comhar, lena n-áirítear trí chomhéadain níos éifeachtaí le grúpaí agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta um fhaire na Cruinne;

25. Maidir le glacadh úsáideoirí:

a. MOLANN SÍ rannpháirtíocht ghníomhach agus tuairim fheasach Fhóram Úsáideoirí Copernicus, bunaithe go háirithe ar aiseolas ó úsáideoirí agus ó na Ballstáit, chun na Seirbhísí a fhorbairt, lena n-áirítear sonraí agus táirgí spáis, agus chun sonraí nua a fháil, faisnéis bhreise a úsáid agus ionas go mbeidh glacadh ag úsáideoirí le Copernicus;

b. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé ar a laghad aon ardán Copernicus amháin le haghaidh rochtain ar shonraí agus faisnéis a chur chun feidhme, ar ardán é a bhaineann le hacmhainní ríomhaireachta chun tacú le héiceachórais eacnamaíocha agus taighde; Agus ardáin náisiúnta sonraí a líonrú d'fhonn rochtain Eorpach inbhuanaithe agus neamhspleách ar shonraí agus ar tháirgí faisnéise a áirithiú;

c. MOLANN SÍ don Choimisiún, in éineacht le heintitis a bhfuil cúraimí Copernicus orthu, lena n-áirítear EUSPA, agus le rannpháirtíocht na mBallstát, straitéis chomhtháite maidir le glacadh úsáideoirí agus an plean gníomhaíochta lena mbaineann a shainiú faoi lár na bliana 2023 chun tacú le beartais an Aontais agus le beartais náisiúnta agus ag an am céanna díriú ar luach socheacnamaíoch a chruthú, arna chumasú ag clár spáis an Aontais, go háirithe an méid a leanas:

i. réitigh a fhorbairt chun go mbeidh sé níos éasca sonraí agus táirgí Copernicus a úsáid le haghaidh cinntí atá bunaithe ar fhianaise, go háirithe le haghaidh cinnteoirí agus institiúidí atá i gceannas ar bheartais phoiblí;

ii. an gá atá le seirbhísí trasghearrtha agus ildisciplíneacha a fhorbairt a bhfuil gá chun glacadh úsáideoirí a fhorbairt lena n-áirítear ag gníomhaithe neamh-spáis;

iii. an cros-toirchiú idir comhpháirteanna éagsúla de chlár spáis an Aontais amhail Galileo agus Copernicus;

iv. tacaíocht d'fhóraim náisiúnta úsáideoirí, athsheachadáin Copernicus agus Acadamh Copernicus agus tionscnaimh eile arna stiúradh go náisiúnta, a bhaineann úsáid mhaith as ionstraimí an Aontais atá ann cheana, chun gníomhaíochtaí maidir le glacadh úsáideoirí a leathnú ar fud na mBallstát le tacaíocht ó na heintitis a bhfuil cúraimí Copernicus orthu, agus leas á bhaint as moltaí Fhóram Úsáideoirí Copernicus;

v. an deis chun na scileanna a ghnóthú chun glacadh úsáideoirí a fhorbairt agus rannchuidiú leis an deighilt spáis agus dhigiteach ar fud na hEorpa a laghdú, go háirithe trí fhothú acmhainní sna Ballstáit agus oiliúint a chur ar ghairmithe, ar fhiontraithe agus ar acadóirí náisiúnta;

vi. bearta spriocdhírithe a fhorbairt chun acmhainn a fheabhsú ar fud na mBallstát le tionscal spáis atá ag teacht chun cinn, tacú le héiceachóras an Spáis Nua agus an earnáil iartheachtach.